Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10823 – CLEARLAKE / TA ASSOCIATES / EPHESOFT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 285/08)

1. An 19 Iúil 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Clearlake Capital Group, L.P. ("Clearlake", SAM),

— TA Associates Management L.P. ("TA Associates", SAM),

— Ephesoft, Inc. ("Ephesoft" nó an "Spriocghnóthas", SAM).

Gheobhaidh Clearlake agus TA Associates rialú comhpháirteach ar Ephesoft de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Clearlake: gnólacht infheistíochta príobháidí, gnólacht atá gníomhach i seirbhísí bogearraí agus seirbhísí atá cumasaithe don teicneolaíocht, agus i réimsí an fhuinnimh, na tionsclaíochta, na dtáirgí bia agus na n-earraí tomhaltais;

— i gcás TA Associates: gnólacht cothromais phríobháidigh atá gníomhach i seirbhísí gnó, seirbhísí tomhaltóirí, agus seirbhísí airgeadais, sa chúram sláinte agus i dteicneolaíochtaí;

— i gcás Ephesoft: cuireann sé ardán próiseála doiciméad cliste ar fáil le haghaidh comhairleachtaí agus comhtháthairí córas domhanda d'fhiontair agus d'úsáideoirí lár-mhór, lena ndéantar uathoibriú ar phróiseáil na ndoiciméad a thagann isteach in eagraíochtaí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10823 – CLEARLAKE / TA ASSOCIATES / EPHESOFT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË